eti

*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*

*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Náiscoil an tSeanchaí
## Machaire Fíolta

## Dáta na Cigireachta: Bealtaine 2009

## FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil an tSeanchaí |
| **Seoladh:** | Bothán Soghluaiste 1<br>Céide Chill Eoin<br>MACHAIRE FÍOLTA<br>Co Dhoire<br>BT45 6DT |
| **Cineál Bainistíochta:** | Deonach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 6 Bealtaine 2009 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | |

**1. <u>Sonraí faoi na Páistí</u>**

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 17 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 13 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 13 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 1 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 1 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 0 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 0 | - |
| **Tinreamh:** | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán* | 86.4% | - |

* Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| Líon: | Lánaimseartha | Páirtaimseartha |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | 3 | 1 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | 3 | 1 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | 0 | 1 |

| Líon: ** | |
|---|---|
| Mic léinn | 0 |
| Oiliúnaithe | 0 |

** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| Fad ama sheisiún na maidine | Fad ama sheisiún an tráthnóna | Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe |
|---|---|---|
| 2½ huaire an chloig | - | 179 |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| | |
|---|---|
| Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí: | 17 |
| Céatadán acu a cuireadh ar ais: | 64.7% |
| Líon na dtuairimí scríofa: | 2 |

**NAÍSCOIL AN tSEANCHAÍ, MACHAIRE FÍOLTA, CO DHOIRE, BT45 6DT (3AB-0548)**

## RÉAMHRÁ

1. Tá an naíscoil lonnaithe i gcóiríocht shoghluaiste in eastát Chill Eoin i Machaire Fíolta. Tá teacht ag na páistí ar láthair bheag shúgartha taobh amuigh. Is as ceantar leitheadach máguaird na páistí.

2. Ar na socruithe don chigireacht ar thréadchúram agus ar chosaint leanaí bhí deis ag tuismitheoirí, ag an ghrúpa bainistíochta agus ag an fhoireann ceistneoir rúnda a chomhlánú roimh an chigireacht. D'fhreagair tromlach na dtuismitheoirí an ceistneoir agus thug beirt acu tuairimí breise scríofa. Cuireann na freagraí i gceistneoirí na dtuismitheoirí in iúl go bhfuil ardmheas acu ar an naíscoil agus go dtuigeann siad:

- go mothaíonn na páistí slán, sábháilte sa naíscoil;
- go spreagtar na tuismitheoirí le baint a bheith acu le saol na naíscoile; agus
- go bhfuil meas ar an naíscoil i measc an phobail.

Bhí freagraí na foirne go hiomlán dearfach. Cuireadh na freagraí uile in iúl d'fhoireann agus do lucht bainistíochta na naíscoile.

3. Tá an soláthar do thréadchúram sa naíscoil an-mhaith. Tá éiteas teolaí, tacúil ag an naíscoil agus tá caidreamh maith ann ag gach leibhéal. Tá an fhoireann tiomanta do chúram agus leas na bpáistí agus tá straitéisí cuí ullmhaithe acu le cóimheas agus iompar dearfach a chothú. Freagraíonn na páistí go maith don fhoireann agus tá a n-iompraíocht go han-mhaith.

4. Tá socruithe sásúla ag an naíscoil leis na páistí a chosaint. Léiríonn na socruithe seo, den chuid is mó, an treoir a d'eisigh an Roinn ábhartha ach caithfear tabhairt faoi na mionghnéithe seo a leanas:

- ba chóir don fhoireann a chinntiú go bhfuil eolas ag na tuismitheoirí ar na gnáthaimh a bhaineann le cúram pearsanta na bpáistí agus go n-aontaíonn siad leo; agus
- ba chóir don fhoireann measúnuithe riosca a thaifeadadh i scríbhinn mar chuid de gach turas agus gach cuairt a bheartaítear.

5. Tugann an naíscoil an-aird ar bhia sláintiúil a chur chun cinn. Cuirtear smailc shláintiúil ar fáil do na páistí agus tá teacht acu ar uisce óil. Bíonn deis ag na páistí súgradh taobh amuigh go rialta. Caithfidh an fhoireann clár súgartha fhisiciúil níos céimnithí agus níos dúshlánaí a fhorbairt.

## CÁILÍOCHT AN tSOLÁTHAIR OIDEACHAIS

6. Tá an seomra súgartha geal, fáilteach agus tá láithreacha ar leith súgartha leagtha amach. Is tábhachtach go gcoinneoidh an fhoireann leagan amach an tseomra súgartha faoi athbhreithniú le úsáid is fearr an spáis agus na n-áiseanna teoranta a chinntiú, ionas go spreagfar spéis na bpáistí agus go saibhreofar cáilíocht a súgartha.

7. Cuirtear fearadh na fáilte roimh na páistí agus na tuismitheoirí ar shroicheadh na naíscoile dóibh, agus ní bhíonn moill ar na páistí socrú síos agus dul i mbun súgartha. Bíonn deis ag na páistí ar shúgradh saor-roghnaithe agus ar an mhéid chothrom chéanna de ghníomhaíochtaí grúpa, scéalta agus rainn. Bíonn an seisiún laethúil eagraithe go maith agus déantar na gnáthaimh a bhainistiú go maith le deiseanna a sholáthar do na páistí neamhspleáchas a fhorbairt agus scileanna tábhachtacha pearsanta agus sóisialta a fhoghlaim.

8. Ina gcaidreamh leis na páistí, spreagann an fhoireann iad le súgradh go socair suaimhneach agus cuidíonn siad le mothú taitnimh agus spraoi a chothú. Léiríonn na páistí leibhéil mhaithe muiníne agus neamhspleáchais agus le linn na cigireachta bhí go leor tréimhsí leanúnacha comhshúgartha ann. Caithfidh an fhoireann úsáid níos iomláine a bhaint as acmhainn na n-ábhar uile, agus straitéisí níos éifeachtaí a chur i bhfeidhm le smaointe agus foghlaim na bpáistí a fhorbairt.

9. Le linn na cigireachta, bhain an fhoireann úsáid mhaith as an Ghaeilge bunús an ama agus iad i gcaidreamh leis na páistí. Bhain na páistí sult as amhráin agus rainn i nGaeilge ag amanna éagsúla i rith an tseisiúin. Ba dheis luachmhar eile am scéalaíochta ag an fhoireann scileanna Gaeilge na bpáistí a chur chun cinn a thuilleadh. Bhí úsáid theoranta Ghaeilge idir an fhoireann iad féin. Shainaithin an fhoireann, rud is cuí, gur réimse i gcomhair forbartha breise a gcumas Gaeilge. Ba chóir gurbh í an Ghaeilge teanga oibre na naíscoile.

10. Tugann clár oideachais na naíscoile deiseanna sásúla foghlama i mbunús gach réimse den churaclam réamhscolaíochta. I measc na mbuanna ar leith a chonacthas le linn na cigireachta, bhí an aird a tugadh ar fhorbairt scileanna pearsanta, sóisialta agus mothúchánacha na bpáistí a chothú, a spéis i rólimirt agus i luathscríbhneoireacht agus na deiseanna a bhíonn acu amhráin a rá agus éisteacht le ceol. Ba chóir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an churaclam le tuiscint na bpáistí ar an saol thart orthu agus a luathsmaointe agus a luath-choincheapa matamaitice a chothú agus a leathnú.

11. Tá polasaí cuimsitheach i leith sainriachtanas oideachais ullmhaithe ag an fhoireann. Cuirtear tacaíocht luachmhar ar fáil do na páistí sin a bhfuil cuidiú breise de dhíth orthu lena gcuid foghlama; tá feidhm lena chinntiú, nuair is cuí, go n-ullmhaítear pleananna aonair oideachais leis an tacaíocht seo a dhíriú níos éifeachtaí agus le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt na bpáistí.

12. Tá tús maith curtha ag an fhoireann le pleanáil an chláir oideachais. Cuireann na féilirí seachtainiúla pleanála treoir úsáideach ar fáil don fhoireann agus ceaptar téamaí agus topaicí cuí le réimse de ghníomhaíochtaí agus d’eispéiris foghlama a fhorbairt do na páistí. Caithfidh an fhoireann a chinntiú go dtuigtear an cumas foghlama atá sna gníomhaíochtaí go soiléir agus ba chóir dóibh úsáid a bhaint as a measúnuithe laethúla agus iad ag pleanáil, agus dul chun cinn agus dúshlán a chinntiú i rith na bliana.

13. Tá an fhoireann ag céim luath in ullmhú córais le foghlaim agus forbairt na bpáistí a mheas. Chomhaontaigh siad ar chur chuige oibrí bhunriachtanaigh a fheidhmiú maidir le freagairtí na bpáistí don súgradh a bhreathnú, agus tá siad ag déanamh próifílí aonair d’éachtaí na bpáistí. Tá tuilleadh forbartha riachtanach le dul chun cinn na bpáistí a léiriú go sonrach agus le riar níos éifeachtaí ar riachtanais aonair agus ar a réimsí spéise aonair. Ba chóir an t-eolas seo a roinnt le tuismitheoirí ar bhonn níos rialta agus ba chóir naisc níos éifeachtaí a dhéanamh leis na scoileanna a n-aistreoidh na páistí chucu.

14. Baintear úsáid as modhanna éagsúla leis na tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi obair na naíscoile agus is luachmhar leis an fhoireann an méid a chuireann na tuismitheoirí le forbairt acmhainní na naíscoile.

15. Buaileann an ceannasaí agus an fhoireann le chéile go rialta leis an chlár atá pleanáilte a mheas agus léiríonn siad go bhfuil siad toilteanach cáilíocht an tsoláthair a fhorbairt agus a fheabhsú. Chuir an speisialtóir luath-óige (EYS) go mór le forbairt iomlán an tsoláthair sa naíscoil seo. Tá an tacaíocht a chuirtear ar fáil fócasaithe go maith, go háirithe an treoir ar phleanáil an chláir agus ar eagrú an tseisiúin. Ba chóir don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta leanúint d'oibriú leis an EYS leis an soláthar a mheas go rialta agus le plean forbartha a dhéanamh don naíscoil a thabharfaidh tosaíocht do réimsí cuí le haghaidh feabhsúcháin thar na trí bliana seo romhainn.

**16. Is iad seo a leanas na príomhbhuanna i soláthar oideachais agus tréadchúraim na naíscoile:**

- an tacaíocht chomhbhách a chuireann an fhoireann ar fáil, atá ina cuidiú ag na páistí socrú agus a chothaíonn a muinín agus a neamhspleáchas;
- eagrú réidh an tseisiúin laethúil;
- na deiseanna sásúla foghlama i mbunús gach réimse den churaclam réamhscolaíochta;
- an dul chun cinn atá déanta ag an fhoireann i bhforbairt na pleanála scríofa;
- an tacaíocht a chuirtear ar fáil do na páistí sin a bhfuil sainriachtanais oideachais acu; agus
- cáilíocht na comhairle agus na treorach a thugann an EYS.

**17. Sainaithníodh sa chigireacht réimsí le haghaidh feabhsúcháin. Is iad seo a leanas na réimsí is tábhachtaí a gcaithfear aird a dhíriú orthu:**

- ba chóir don fhoireann leas níos iomláine a bhaint as cumas foghlama na n-acmhainní, go háirithe i leith na luathmhatamaitice agus na luatheolaíochta, agus a chinntiú go bhfuil a gcaidreamh níos éifeachtaí i dtaca le smaointe agus foghlaim na bpáistí a leathnú de; agus
- caithfidh an fhoireann cur chuige níos comhsheasmhaí a bheith acu i dtaca le foghlaim agus forbairt na bpáistí a mheasúnú de.

## CONCLÚID

18. I mbunús na réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá cáilíocht an oideachais a chuirtear ar fáil sa naíscoil seo sásúil; is troime ar na buanna ná na réimsí atá le feabhsú sa soláthar. Sainaithníodh réimsí le haghaidh feabhsúcháin i bhfoghlaim agus i dteagasc le linn na cigireachta agus caithfear tabhairt fúthu má táthar le riar níos éifeachtaí ar riachtanais gach páiste.

Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna monatóireacht agus tuairisceoidh siad ar dhul chun cinn na naíscoile i dtabhairt faoi na réimsí le haghaidh feabhsúcháin.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2009

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk